
DEOISE **RÁTH BHOTH**

# Ar Aghaidh
# Le Chéile



PLEAN TRÉADACH 2022 - 2024

# Deoise Ráth Bhoth





Deoise Ráth Bhoth


Ard Adhamhnáin, Bóthar na hArd Eaglaise, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 W2W9

Teil: 074 9121208 Ríomhphost: diocesanoffice@raphoediocese.ie

Suíomh Gréasáin: www.raphoediocese.ie Facebook: Raphoe Diocese

Focal ón

# Easpag



Is é Naomh John Henry Newman, naomh mór de chuid an naoú aois déag, a dúirt: “Is ionann fás agus athrú agus is foirfe an duine a rinne athrú go minic”. Thig leis na focail sin idir bhagairt agus dhíograis a mhúscailt ionainn ag brath ar an dóigh a gcloisimid iad. Bhí Newman cinnte go mbíonn Spiorad Dé ag cruthú rudaí úra i gcónaí agus go gcaithfidh Sé torthaí a thabhairt uaidh i saol an duine aonair agus an phobail. Má tá muid le maireachtáil as focail Newman, is faoi luí an chreidimh a dhéanaimid é; ní bheidh muid ag brath ar ár neart féin agus ní bhainfidh ár sean-pheacaí an bonn dínn. Thig le lucht leanúna Íosa a gcuid laigí a aithint agus glacadh le cuireadh Uaidh toiseacht as an nua arís agus arís eile.

Is é sprioc an phlean seo muid a bhailiú le chéile i bpobal creidimh, dóchais agus carthanachta inár bparóistí agus inár ndeoise. Tabharfaimid aghaidh ar an todhchaí, sagairt, tuataí agus lucht na beatha rialta ag siúl le chéile agus muinín againn go mbeidh an Spiorad Naomh ag obair inár measc. Deonú Dé atá ann go bhfuil an Pápa Proinnsias ag iarraidh ar an Eaglais Chaitliceach ar fud na cruinne machnamh a dhéanamh ar bhealaí úra leis an Chreideamh a mhaireachtáil le chéile faoin teideal ‘Sionadachas’. Obair mhór ‘Sionadachais’ a bheas i gcur i gcrích an phlean seo.

Téimis ar aghaidh le chéile agus muid lán le muinín i nDia. Cuimhnímis ar an am a bhí, le foghlaim ónár mbotúin. Tuigimid go maith, as taithí na mblianta, go gcaithfidh muid tús áite a thabhairt do chosaint leanaí agus daoine leochaileacha i ngach aon tionscnamh a dtugaimid faoi.

Iarraimid ar Dhia go bhfeicfimid an cineál athraithe a bhfeictear an fás ann. Ná déanaimis dearmad de seo; má bhíonn athrú ann inár bparóiste nó inár ndeoise, is i gcroí gach duine dínn a bheidh sé ann ar dtús. Bímis oscailte don athrú sin.

A Mhuire, a Mháthair na hEaglaise, guigh orainn.
A Adhamhnáin agus a Cholmcille, guigí orainn.

**+Alan Mac Eochagáin, SJ**
Easpag Ráth Bhoth

**Le misean ó Chríost agus faoi luí an Spioraid Naoimh, leanfaimid ar aghaidh le chéile ag tógáil pobail bhríomhara urnaithe mar a mbeidh lúcháir an tSoiscéil i gcroí gach aon duine. Ceiliúraimidne, Eaglais Ráth Bhoth, an Dea-Scéal le saol lán le Creideamh, Dóchas agus Carthanacht. (1 Coir 13:13)**

TÉAMA TRÉADACH:

# CREIDEAMH

**Fís:**

Fís: Go raibh tuigbheál domhain ag pobal Dheoise Ráth Bhoth ar an Chreideamh agus ar na dóigheanna uilig ina gcuirtear i gcrích é.

**Pointe Gníomhaíochta F1:**

*Déanfaidh an Deoise clár Teagasc Críostaí do pháistí a chur le chéile agus clár Ullmhúcháin do na Sacraimintí faoi stiúir Oifigeach Óige na Deoise.*

**Cad é seo?:** Is ag na páistí atá an lá inniu agus todhchaí na hEaglaise. Déanfaidh ár bparóistí creideamh ár bpáistí a chur chun cinn trí oiliúint mhaith a thabhairt daofa, i bhfoirm Teagaisc Críostaí agus ullmhúcháin do na sacraimintí; tógfar ar an sárobair a dhéantar cheana féin sna scoileanna agus sa bhaile.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Beidh Oifigeach Óige á fhostú leis an chlár seo a thiomáint. Beidh spás oifige san Ionad Tréadach agus costaisí tosaigh i gceist. Beidh buiséad de dhíth.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Fostófar Oifigeach Óige leis an chlár seo a eagrú agus a thiomáint. Beidh spás oifige san Ionad Tréadach de dhíth chomh maith le costais bhunaithe oifige. Beidh gá le buiséad d'acmhainní fisiciúla agus acmhainní ar líne.

**Straitéis:** Roimh ceapachán a dhéanamh beidh gá leis an chumas agus an acmhainn atá sna paróistí don Mhinistreacht don Óige a thomhas agus a fhorbairt. Mar sin de, bheadh Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí ag obair san earnáil seo sa chéad áit (Nol 2022) leis na modhanna oibre is fóirsteanaí don Deoise a iniúchadh. Ansin, i mBliain 2 (Ean - Nol 2023) cuirfear tús le hobair sna paróistí agus déanfar é a mheasúnú. Beidh Ministreacht don Óige á moladh mar théama ginearálta do na Comhairlí Tréadacha Paróiste uilig agus iad á bhforbairt (Pointe Gníomhaíochta H5). I ndiaidh na hoibre seo uilig, más léir go bhfuil gá leis, déanfar Oifigeach Óige a earcú. Meastar go dtarlóidh sé seo roimh dheireadh 2023.

**Pointe Gníomhaíochta F2:**
*Déanfaidh an Deoise gréasán tacaíochta a chur ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunoideachais.*

**Cad é seo?:** Aithníonn an Deoise an obair ríthábhachtach a dhéanann ár gcuid múinteoirí. Mar go dtuigeann muid na dúshláin atá roimh mhúinteoirí iar-bhunoideachais agus roimh shéiplínigh bunóidh muid gréasán tacaíochta do na múinteoirí lena gcuid oibre agus an tionchar atá aici ar ár bpáistí a dhéanamh níos spéisiúla. Beidh laethanta spioradálta, machnaimh agus eolais ar siúl le linn na scoilbhliana. Cuirfear córas i bhfeidhm le go mbeifear ábalta acmhainní reatha agus úrnua a roinnt.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Oibreoidh comhordaitheoir deonach i gcomhar le grúpa múinteoirí ó scoileanna ar fud na Deoise ar bhonn roghnach. Rachaidh an comhordaitheoir i gcomhairle le Stiúrthóir na hAthnuachana Creidimh (Pointe Gníomhaíochta H4) le dul chun cinn a dhéanamh leis an obair.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Cuirfear buiséad ar fáil don obair seo.

**Straitéis:** Cuirfear comhordaitheoir deonach ar fáil i mBliain 1 le tús a chur le plean leis an phointe gníomhaíochta seo a chur ar aghaidh.

**Pointe Gníomhaíochta F3:**
*Leanfar ar aghaidh sa Deoise ag tacú le Múinteoirí Bunscoile tríd an ghrúpa CPSMA.*

**Cad é seo?:** Aithníonn Deoise Ráth Bhoth an obair bhunriachtanach a dhéanann múinteoirí bunscoile inár scoileanna.Tá sé tábhachtach go dtabharfadh an Deoise tacaíocht agus oiliúint do na scoileanna uilig go háirithe i réimse an oideachais reiligiúnaigh.Tá sé lán chomh tábhachtach go dtuigeann príomhoidí scoile go bhfuil tacaíocht acu san obair atá ar bun acu ar son ár bpáistí, a dteaghlaigh agus a bparóistí.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Leanfaidh an Deoise leis an tacaíocht a thugann siad don ghrúpa CPSMA atá ag obair le scoileanna le cúpla bliain anuas.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Beidh gá le hoibrithe deonacha a bhfuil cúlra acu sa bhunoideachas, daoine a chuideoidh leis an ghrúpa atá ann cheana féin san obair atá ar bun le tacú le héiteas reiligiúnach inár scoileanna. Tá an grúpa seo maoinithe cheana féin trí sciar de bhallraíocht na scoile a bheith curtha ar fáil don Deoise achan bhliain d'acmhainní agus do chúrsaí do mhúinteoirí.

**Straitéis:** Tá an obair seo ag dul ar aghaidh sa Deoise agus leanfar leis an tacaíocht an t-am ar fad.

**Pointe Gníomhaíochta F4:**

*Déanfaidh an Deoise Oifigeach Forbartha Creidimh a cheapadh chun Clár Forbartha Creidimh spreagúil a chomhordú agus a reáchtáil i bParóistí na Deoise i rith na bliana.*

**Cad é seo?:** Gníomhaíocht thábhachtach is ea an Fhorbairt Creidimh d'aon Deoise. Tá fonn mhór ar na daoine inár bparóistí bealaí a aimsiú le teacht le chéile agus ár gcreideamh a chleachtadh agus foghlaim faoi. Cuirfimid clár láidir d'fhorbairt creidimh bríomhar ar fáil ar fud pharóistí na Deoise.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Fostófar Oifigeach Forbartha Creidimh le cláracha forbartha creidimh d'ard chaighdeán a chur le chéile chomh maith le comhordú a dhéanamh ar oiliúint pharóisteach ar fud na Deoise ionas go mbeidh na daoine sin ábalta an obair chéanna a dhéanamh, rud a chinnteoidh go mairfidh an dóigh a dtugann muid faoi fhorbairt creidimh.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Fostófar Oifigeach Forbartha Creidimh. Beidh spás oifige san Ionad Tréadach agus costaisí tosaigh i gceist. Beidh buiséad d'acmhainní fisiciúla agus ar líne de dhíth.

**Straitéis:** Táthar den bharúil go rachaidh an Deoise i mbun oibre sa réimse seo i mBliain 1 le taighde a dhéanamh ar chláracha forbartha creidimh, agus leis na cinn is fóirsteanaí a roghnú. I mBliain 2 (Ean- Nol 2023) tosóidh Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí ar na cláracha seo a chur amach ar fud na nDéanachtaí. Beidh Forbairt Creidimh á moladh mar théama do na Comhairlí Tréadacha Paróiste uilig agus iad á mbunú (Pointe Gníomhaíochta H5). Tosófar ar phróiseas earcaithe d'Oifigeach Forbartha Creidimh nuair a bhéas an réamhobair seo uilig déanta agus nuair a fheictear go bhfuil gá leis. Meastar go dtarlóidh seo sa cheathrú deireanach de Bhliain 2; ag tarraingt ar dheireadh 2023.

**Pointe Gníomhaíochta F5:**

*Bunóidh an Deoise Foireann Ministreachta do Dheireadh Saoil agus Tórraimh.*

**Cad é seó?:** Is mór ag an Deoise an bheatha mar thíolacadh beannaithe gach tráth den tsaol. Is mian linn tacú le daoine ar bhealach ar leith ag deireadh saoil, sna laethanta deacra agus brónacha sin lán de bhuaireamh is de chumha. Beidh an fhoireann deireadh saoil ina dtacaíocht ag daoine ag an tráth seo.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Iarrfaimid ar Chomhordaitheoir Deoise deonach an mhinistreacht seo a bhunú, agus taighde a dhéanamh ar an bhealach a dhéantar seo i nDeoisí eile ar fud na hÉireann agus an domhain. Is iad na tuataigh a bhéas i gceannas na ministreachta seo agus beidh foirne d'oibrithe deonacha in achan Pharóiste agus/nó Déanacht. Bunófar Coiste Lárnach sa Deoise ar a mbeidh an Comhordaitheoir agus cuid de na hoibrithe deonacha sna paróistí ar mhaithe le leanúnachas agus le rudaí a choinneáil ag imeacht.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Oibrithe deonacha a bheidh ar an mhinistreacht agus dá bhrí sin ní bheidh costaisí fostaíochta i gceist. Cuirfear leabhrán do liotúirge tórraimh ar fáil. Ba chóir buiséad oiliúna a chur ar leataobh achan bhliain.

**Straitéis:** Beidh an pointe gníomhaíochta seo i bhfeidhm sa Deoise i mbliain 3 (Ean- Nol 2024)

**Pointe Gníomhaíochta F6:**
*Eagróidh an Deoise Nóibhéine i mí an Mheithimh 2024 agus 'Fáilte' mar théama aige.*

**Cad é seo?:** Is nithe riachtanacha iad i saol phobal Críostaí an t-adhradh páirteach, liotúirge agus an cairdeas. Ionas go gcruthófar atmasféar pobail, aontacht agus aitheantas ar fud Dheoise Ráth Bhoth beidh Nóibhéine ar siúl againn san Ardeaglais i mí an Mheithimh 2024 faoin téama ' Fáilte', ag cur leis an obair a eascraíonn as Pointe Gníomhaíochta C2.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Bunófar coiste ar a mbeidh tuataigh, cléir agus lucht na beatha rialta faoi chathaoirleacht an Easpaig a mbeidh sé de chúram air an Nóibhéine a reáchtáil. Beidh scileanna faoi leith ag teastáil, mar shampla; eolas ar liotúirge agus ar cheol cráifeach, scileanna cumarsáide, an cumas daoine ó achan Déanacht ar fud na Deoise a thabhairt le chéile le bheith páirteach sa Nóibhéine.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Is iad na daoine an phríomh acmhainn atá le cur san áireamh anseo. Tá ballraíocht an choiste an-tábhachtach agus beidh roinnt bheag daoine a roghnófar le hoibriú leis an Easpag de dhíth le go dtig an coiste a chur le chéile.

**Straitéis:** Is i mBliain 1 agus 2 a tharlóidh gníomhaíocht úr maidir le Forbairt Creidimh, Ministreacht don Óige agus forbairt ar ár Slí Sionadach. Gheobhaidh an Nóibhéine seo i mí an Mheithimh Bliain 3 (2024) spreagadh ón obair a bheidh déanta sna réimsí seo cheana, obair a mbeidh fuinneamh, féiniúlacht agus aontacht cruthaithe aici ar fud na Deoise agus a bheidh mar phointe lárnach in obair an phlean seo go dtí seo.

**Pointe Gníomhaíochta F7:**
*Beidh Straitéis Ghairm chun na Sagartachta á cur chun cinn go gníomhach ag an Deoise.*

**Cad é seo?:** Tá ról an tsagairt oirnithe an-tábhachtach i bpobal Caitliceach. Cuireann sé an Eocairist agus na sacraimintí ar fáil, tugann sé seanmóir ar Bhriathar Dé agus tugann sé sólás agus tacaíocht don phobal in am an bhróin agus in am na lúcháire. Tabharfaidh an Deoise faoi straitéis a scríobh agus a fhógairt maidir le gairm na sagartachta a chur chun cinn le huchtach a thabhairt d'fhir Íosa Críost a leanstan. Sraitéis 3 bliana a bhéas ann agus déanfar athbhreithniú agus athnuachan uirthi ag deireadh na tréimhse 3 bliana.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Déanfaidh an Deoise coiste sagart agus tuatach a cheapadh le hoibriú i gcomhar le Stiúrthóir Ghairmeacha chun na Sagartachta sa Deoise. Ar an choiste seo beidh Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí (Plean Gníomhaíochta H4). Rachaidh Stiúrthóir Ghairmeacha chun na Sagartachta i gcomhairle le Gairmeacha Sagart Éireann, an oifig náisiúnta do ghairmeacha sagart.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Meastar go mbeidh gá le feachtas meán sóisialta, 'Laethanta Soiléireachta', leabhráin faoi ghairmeacha agus acmhainn do Nóibhéine Gairmeacha uair amháin sa bhliain.

**Straitéis:** Tosófar ar an obair ar an phointe gníomhaíochta seo go luath i mBliain 2 (Ean – Nol 2023)

**Pointe Gníomhaíochta F8:**
*Bunóidh an Deoise Coimisiún Liotúirge, an liotúirge agus ceol san áireamh.*

**Cad é seo?:** Tá gá le dea-liotúirge le daoine a tharraingt i dtreo Rúndiamhair an Chreidimh agus tá sé tábhachtach go mbeadh Coimisiún Liotúirge ag an Deoise a bheadh ábalta acmhainní a chur ar fáil do liotúirgí agus Ceiliúradh i rith na bliana.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Bheadh an obair seo ar bun ag Coimisiún úr. Beidh an Grúpa Ceoil atá sa Deoise leis na blianta mar chuid de. Tá sé sin ag obair leis an cheol a fheabhsu sa liotúirge. Is gá an obair sin a leathnú amach le go mbeidh na liotúirgí sa Deoise ar ardchaighdeán.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Bheadh an Coimisiún Liotúirge ag feidhmiú de réir treoir Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí sa dóigh is go mbeadh acmhainní sna Paróistí sna blianta atá le teacht.

**Straitéis:** Tá tús leis an obair seo sa Deoise cheana agus an bhéim ar amhránaíocht phobalda.



TÉAMA TRÉADACH:

# DÓCHAS

**Fís:**
Gur áit a bheadh i nDeoise Ráth Bhoth a mbeadh dóchas agus lúcháir Chríost Aiséirithe i gcroí na ndaoine inti agus a ndéanfadh ár bparóistí plé ar an Spiorad a bheith ag iarraidh orainn aghaidh a thabhairt ar an todhchaí le chéile.

**Pointe Gníomhaíochta H1:**
*Bunóidh an Deoise Clár Forbartha atá dírithe ar an Óige.*

**Cad é seó?:** Tá grá agus meas ag an Deoise ar achan uile ógánach agus is é a mian tacaíocht a thabhairt leis an chreideamh a chothú iontu. Bunóidh muid clár forbartha atá dírithe ar an óige chan amháin le tacú leo ina gcreideamh ach le iad a spreagadh le bheith gníomhach i saol na hEaglaise anois agus amach anseo.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Is é an tOifigeach Forbartha Óige (Pointe Gníomhaíochta F1) a bheidh i gceannas le tacaíocht agus bainistíocht ó Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí (smaoineamh H4) a chuirfidh an clár ar fáil.

Iarrfar ar achan Déanacht Ceannaire Óige a chur ar fáil, duine a roghnóidh muintir an Pharóiste agus a thiocfaidh le chéile le Ceannairí Óige eile ó na Déanachtaí agus leis an Oifigeach Forbartha Óige achan trí mhí le dea-chleachtas a roinnt agus le huchtach a thabhairt dá chéile leis an chlár seo a chur i bhfeidhm. Déanfaidh oibrithe deonacha ag leibhéal paróiste an clár a áisiú.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Beidh foinsí agus ábhair clár de dhíth chomh maith le hoiliúint agus tacaíocht cheannairí Déanachta agus oibrithe deonacha atá ag cur fúthu sa pharóiste.

**Straitéis:** Ag teacht leis an straitéis a bhfuil baint aige le Pointe Gníomhaíochta F1 (earcú an Oifigigh Fhorbartha don Óige), is é Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí a dhéanfaidh an réamhobair ar an smaoineamh seo. Déanfaidh an duine seo, i gcomhar le Comhairle Tréadach na Deoise (Pointe Gníomhaíochta H6) taighde ar chláracha éifeachtacha atá á reáchtáil i nDeoisí eile sula ndéanfar cinneadh faoin chlár is fearr dár nDeoise. Tosófar ar an chlár i mBliain 3 (Ean- Nol 2024).

**Pointe Gníomhaíochta H2:**
*Bunóidh an Deoise Meitheal Cumarsáide a chuirfidh straitéis chumarsáide le chéile.*

**Cad é seo?:** Tá an domhan nua-aimseartha tógtha ar mhearchumarsáid. Beidh ar an Eaglais eolas atá tráthúil, cruinn agus ionraic a chur ar fáil. Beidh an fhoireann freagrach as eolas a chur ar fáil do na meáin éagsúla m.sh. nuachtáin, raidió/teilifís; ardáin na meán sóisialta, suíomhanna gréasáin &rl.

Ar na dualgaisí a bheadh ar an fhoireann tá :

- Dul i gcomhairle le foirne deoise (liotúirge, oiliúint creidimh, an óige, comhairlí tréadacha &rl.) agus na paróistí a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí, m.sh. trí nuachtlitreacha
- Preasráitis – fógraí Easpaig, imeachtaí sa deoise &rl.
- Leathanach gréasáin
- Na meáin shóisialta
- Agallaimh raidió

D'fhéadfadh baill faoi leith den fhoireann díriú ar chineálacha éagsúla cumarsáide agus gréasán teagmhálacha de na soláthraithe nuachta a chur le chéile.

Cuirfidh siad cuntas le chéile a chuirfidh béim ar chumarsáid do thréimhse faoi leith i.e. straitéis chumarsáide a chruthú. Ba chóir gur obair idirghníomhach a bheadh anseo a mbeadh sé furasta mionathruithe a dhéanamh uirthi de réir mar atá eachtraí faoi leith ag titim amach.

**Cé a dhéanfaidh é?:** 'Sí Comhairle Tréadach na Deoise, i gcomhar le hOifigeach Cumarsáide na Deoise, a rachaidh i mbun na hoibre seo i dtús báire; ansin tabharfar grúpa beag a bhfuil scil acu i gcúrsaí cumarsáide le chéile, le toil an Easpaig lena bhfoireann féin a chruthú.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Is é Pearsanra an phríomh acmhainn; oibrithe deonacha a bhéas ar an choiste. Beidh gá le spás speisialta laistigh den Ionad Tréadach, áit a dtig leis an choiste teacht le chéile agus dul i mbun oibre. Fosta beidh gá le buiséad d'oiliúint chumarsáide don fhoireann agus do dhaoine eile atá tábhachtach ó thaobh teachtaireachtaí na Deoise a chur chun cinn.

**Straitéis:** Tosóidh an obair ionas go sroichfear an pointe gníomhaíochta le linn Bliain 1 (MF – Nol 2022) i ndiaidh don Easpag bualadh le Comhairle Tréadach na Deoise agus fo-ghrúpa a bhunú a oibreoidh i gcuideachta Oifigeach Cumarsáide na Deoise.

**Pointe Gníomhaíochta H3:**
*Cuirfidh an Deoise athord ar an Ionad Tréadach.*

**Cad é seó?:** Ionas go mbeidh béim ar an phlean seo agus go gcaithfear fuinneamh leis, teastaíonn lárionad ón Deoise le gníomhaíochtaí tréadacha a bhainistiú, a eagrú agus a chur ar fáil ann chomh maith le spás oibre d'fhoireann Tréadach na Deoise agus do na hoibrithe deonacha. Beidh seo ar fáil san Ionad Tréadach. Ciallaíonn seo go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht reatha san ionad agus athord a dhéanamh le go mbeidh áit ann do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa phlean.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Déanfaidh Comhairle Tréadach na Deoise athbhreithniú agus plé ar na gníomhaíochtaí san ionad agus cuirfear moltaí maidir le forbairt faoi bhráid an Easpaig. Cuirfidh Seirbhísí Tréadacha Dheoise Rath Bhoth CLG athruithe i bhfeidhm, más gá.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Táthar den bharúil go mbeidh gá le roinnt athstruchtúraithe ar an ionad agus beidh gá le troscán, ríomhairí, gléasanna priontála agus fotachóipeála &rl.

**Straitéis:** Cuirfear tús leis an obair ar an phointe gníomhaíochta seo i mBliain 1 (MF– Nol 2022) i ndiaidh cruinniú a bhéas ag an Easpag le Comhairle Tréadach na Deoise agus nuair a bhunófar fo-ghrúpa leis an obair sin a dhéanamh.

**Pointe Gníomhaíochta H4:**
*Déanfaidh an Deoise Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí a cheapadh.*

**Cad é seo?:** Aithníonn an Deoise go gcaithfear dúthracht agus fuinneamh a chur isteach sa phlean seo. Chuige sin ceapfar Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí le bheith i gceannas ar an chur i bhfeidhm. Beidh an Stiúrthóir ina bhainisteoir agus ina cheannaire ar an dá oibrí tréadach a luadh i bPointí Gníomhaíochta F1 agus F3. Coinneoidh siadsan an tEaspag agus Comhairle Tréadach na Deoise ar an eolas faoi dhul chun cinn an phlean.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Cuirfidh an tEaspag tús le próiseas earcaíochta laistigh den bhliain 2022.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Tuarastal móide costaisí.

**Straitéis:** Leagfar amach dualgaisí an phoist agus cuirfear tús le próiseas earcaíochta i mBliain 1 (MF- Nol 2022). 'Sé an sprioc is tábhachtaí sa chéad chuid d'fheidhmiú an phlean tréadaigh ná an duine ceart a bheith i mbun dualgaisí go luath, mar sin rachfar i mbun an phointe gníomhaíochta seo go luath i mBliain 2.

**Pointe Gníomhaíochta H5:**
*Cuirfidh an Deoise traenáil agus oiliúint ar fáil ionas go mbunófar Comhairlí Tréadacha Paróiste agus go gcoinneofar iad ag gabháil.*

**Cad é seo?:** Is grúpaí iad Comhairlí Tréadacha Paróiste ar a bhfuil an Sagart Paróiste agus 8-10 paróisteach a thagann le chéile le hoibriú ar fhís do phobal an pharóiste agus le hoibriú ar phlean le fás an chreidimh sa pharóiste a chur chun cinn. Léiríonn siad an chomhfhreagracht idir tuataí agus cléir ar labhair an Pápa Benedict fá dtaobh de agus spiorad sionadálaíochta a labhraíonn an Pápa Proinsias faoi. Is cuid thábhachtach den phlean seo go mbeadh Comhairlí Tréadacha ins an oiread paróistí agus is féidir le tine an Spioraid Naoimh a shamhlaítear sa phlean seo a choinneáil lasta ar fud na Deoise.

Chomh maith le Comhairlí Tréadacha Paróiste a bheith ag teacht le chéile i bparóistí beidh an Deoise ag iarraidh ar Chomhairlí teacht le chéile achan trí mhí i gceantracha Déanachta le moltaí a roinnt agus le tacaíocht a thabhairt dá chéile in athnuachan tréadach. Ar an dóigh seo beidh dlúthchaidreamh idir na Comhairlí Tréadacha Paróiste agus an clár sionadach náisiúnta a léiríonn an plé agus an comhoibriú a spreagfaidh an pointe gníomhaíochta seo.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Ceapfaidh an Deoise duine a bhfuil taithí aige le hoibriú leis an Easpag, le Comhairle Tréadach na Deoise, le Comhairle na Sagart agus le Biocáirí Foráine chun clár oiliúna do Chomhairlí Tréadacha ar fud na Deoise a chur le chéile. Beidh an oiliúint ar siúl ag leibhéal na Déanachta.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Iarrfar ar dhuine a bhfuil an taithí ceart aige praghas iarrata a chur isteach ar an obair atá le déanamh as seo go ceann dhá bhliain.

**Straitéis:** Tosófar ar an phointe gníomhaíochta seo go luath i mBliain 1, ó tharla gur cur i gcrích praiticiúil agus feiceálach ar an phlean seo é. Déanfaidh Comhairlí Tréadacha Paróistí, agus iad ag obair agus ag cur plean Dé le chéile i bparóistí agus i nDéanachtaí, an bealach a réiteach le go gcuirfear pointí gníomhaíochta eile sa phlean seo i bhfeidhm.



**Pointe Gníomhaíochta H6:**
*Déanfaidh an tEaspag Comhairle Tréadach Deoise a choimisiúnú.*

**Cad é seo?:** Sa bhliain 2013 dhearbhaigh an Pápa Proinsias má bhí an Eaglais le feidhmiú go héifeachtach go gcaithfeadh sionadálaíocht a bheith neadaithe trína struchtúir rialachais, agus "...nach dtig le heaspag deoise a threorú gan comhairlí tréadacha." Is é an ról atá ag Comhairle Tréadach Deoise ná "le húdarás an easpaig na nithe sin a bhaineann le hoibreacha tréadacha a iniúchadh, iad a phlé agus torthaí praiticiúla fúthu a mholadh. " (Cód Dlí Canónta, 511)

Thug an tEaspag Comhairle Tréadach Deoise eatramhach le chéile sa bhliain 2021, agus é mar sprioc an Chomhairle iomlán a choimisiúnú sa bhliain 2022.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Rachaidh an tEaspag, i gcomhar leis na Biocáirí Ginearálta, ar thóir daoine ón Deoise a bheadh fóirsteanach le bheith ina mbaill de Chomhairle Tréadach na Deoise.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Beidh Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí (Pointe Gníomhaíochta H4) ina bhall ex-officio den Chomhairle agus tiocfaidh airgead don traenáil agus don oiliúint as buiséad an Stiúrthóra.

**Straitéis:** Tabharfar an Chomhairle Tréadach Deoise le chéile i mBliain 1 (MF-Nol 2022) le maoirseacht a dhéanamh ar an phlean tréadach agus ar Shlí an tSionaid, le cuidiú le hearcú Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí agus le taighde faoi na poist eile agus faoin straitéis do chur i bhfeidhm an phlean seo.



**Pointe Gníomhaíochta H7:**
*Tabharfaidh an Deoise faoi athbhreithniú ar ghníomhaíocht liotúirgeach agus faoi struchtúir pharóiste ar fud na Deoise.*

**Cad é seo?:** As siocair an laghdaithe atá ar líon na sagart gníomhach sa Deoise tá sé tábhachtach anois go gcruthófar struchtúir pharóiste/déanachta atá fuinniúil agus a mhairfeas amach anseo. Eascraíonn pobail chreidimh as ceiliúradh na liotúirgí agus tá sé tábhachtach go leanfar le ceiliúradh na liotúirgí ar bhealach fiúntach, lena chinntiú nach bhfuiltear faoi dheifir leis an liotúirge agus nach bhfuil barraíocht dualgaisí ar shagairt. Ciallóidh seo go mb'fhéidir go gcaithfear líon na nAifreann a cheiliúraimid a laghdú i roinnt paróistí agus bealaí úra a aimsiú le go n-oibreoidh paróistí as lámha a chéile.

Go sonrach, tabharfaidh an Deoise faoi athbhreithniú ar struchtúir Pharóiste lena n-áirítear:

- Athbhreithniú ar líon na nAifreann a cheiliúrtar achan deireadh seachtaine agus é mar chuspóir líon na nAifreann a laghdú más gá, agus iad a bheith ar aon dul le riachtanais an Pharóiste agus na Déanachta.
- Athbhreithniú ar dhaonra agus ar theorainneacha Paróistí le fáil amach an mbeadh gá le comhoibriú/cónascadh le ceiliúradh liotúirgí bríomhara a choinneáil ag gabháil agus leis an phobal a spreagadh.
- Measúnú ar a bhfuil Paróistí áirithe ábalta a dhéanamh maidir le seirbhísí urnaí faoi cheannas tuata a reáchtáil nuair atá an sagart as láthair.
- An cheist an mbeifear ábalta níos mó ná teach pobail amháin in aon Pharóiste a choinneáil oscailte a phlé agus ullmhú don lá nuair nach dtig seo a dhéanamh.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Cuirfidh an tEaspag an chuid seo den phlean i láthair i ndiaidh bheith i gcomhairle le Comhairle na Sagart, na Biocáirí Ginearálta, na Biocáirí Foráine agus Comhairle Tréadach na Deoise. Déanfar é a chomhordú ag leibhéal Déanachta. Oibreoidh na Paróistí in achan Déanacht le chéile agus iarrfar ar a gComhairlí Tréadacha faoi seach plean a chur le chéile a léireoidh nach mbeidh ar shagart ach líon réasúnta Aifreann a cheiliúradh in aon deireadh seachtaine nó níos mó ná an uimhir atá leagtha amach sa Chód Dlí Canónta.

Cuirfear an t-eolas faoi bhráid Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí (Pointe Gníomhaíochta H4) lena chur i dtoll a chéile. Déanfaidh grúpa oibre ar a mbeidh baill de Chomhairle Tréadach na Deoise, Comhairle na Sagart agus na Biocáirí Foráine, chomh maith leis an Easpag, athbhreithniú ar an eolas a chuir achan Déanacht ar fáil agus tiocfaidh siad ar phlean gníomhaíochta maidir le líon na nAifreann a athrú, tús a chur le seirbhísí paidreoireachta faoi chúram na dtuath agus comhoibriú nó cónascadh, más féidir.

Déanfar cáipéis comhairliúcháin a ullmhú agus a chur ar ais chuig Paróistí le plé sula ndéantar gníomh. Glacfaidh an próiseas seo 2 bhliain le cur le chéile ón uair a gcuirfear tús leis.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Pointe gníomhaíochta neamhspleách ar acmhainní atá anseo diomaite d'am na ndaoine a bheidh páirteach.

**Straitéis:** Cé go mbeidh na struchtúir atá riachtanach le go gcloisfear ar ais ó na Paróistí agus ó na Déanachtaí in eagar i mBliain 2 agus ag feidhmiú go hiomlán ar fud na Deoise i mBliain 3, ba chóir go dtosófaí ar na chéad chomhráití agus ar phleanáil ar an phointe gníomhaíochta seo i mBliain 2 (Ean- Noll 2023).


**Pointe Gníomhaíochta H8:**
*Déanfaidh an Deoise cinnte de go dtabharfar aire don Chléir.*

**Cad é seo?:** Tuigimid go bhfuil líon na sagart ag laghdú agus go bhfuil ár gcuid sagart ag dul in aois. Tá sé tuillte ag fir a bhfuiltear ag iarraidh orthu ról lárnach a bheith acu i saol na hEaglaise fios a bheith acu go dtabharfar aire dóibh; mar an gcéanna leis na sagairt atá éirithe as a gcuid dualgaisí i ndiaidh mórán blianta seirbhíse. Leanfaidh an deoise le comhdhálacha cléire rialta, bríomhara a reáchtáil agus le tacaíocht a thabhairt do shagairt trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Oibreoidh an tEaspag agus na Biocáirí Foráine le chéile le cultúr tacaíochta do shagairt laistigh d'achan déanacht a chothú agus le cinntiú go dtabharfar aire do shagairt atá ag éagaoin nó atá faoi strus.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** I dtús báire beidh am agus aird an Easpaig agus na mBiocáirí Foráine de dhíth ach caithfear buiséad faoi leith a chur ar fáil má bhíonn tacaíocht ghairmiúil sa bhreis de dhíth.

**Straitéis:** Beidh cruinnithe rialta ag an Easpag leis na Biocáirí Foráine. Beidh Cúram na Cléire ina ábhar rialta ar chruinnithe Chomhairle na Sagart.



TÉAMA TRÉADACH:

# CARTHANACHT

**Fís:**
Go mbeadh Deoise Ráth Bhoth ar áit a bhfuil grá Dé don Domhan uilig soiléir trí oibreacha praiticiúla cúraim, dár dtreorú chuig an áit ar mian le hÍosa muid a bheith.

**Pointe Gníomhaíochta C1:**
*Déanfaidh an Deoise Paróistí a spreagadh agus cuideofar leo le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Cheartas Sóisialta.*

**Cad é seó?:** "As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile" (Eoin 13:35). Ceann de na comharthaí go bhfuil pobal Críostaí beo bríomhar is ea an toil atá ann cuidiú leofasan atá ar an ghannchuid. Iarrtar orainn i dTeagasc Ceartas Sóisialta na hEaglaise Caitlicigh cúram a thabhairt do na bochtáin agus ár gcreideamh á chleachtadh againn. Tá obair luachmhar den chineál seo ar siúl ag mórán Paróistí cheana féin. Ach caithfimid bheith ar ár ndícheall níos mó a dhéanamh. Dá bhrí sin beidh cainteanna, ceardlanna agus cúrsaí ar Cheartas Sóisialta i gcláracha Forbairt Creidimh achan bhliain (Pointe Gníomhaíochta F3). Déanfar seo le Paróistí a spreagadh le bealaí a aimsiú le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fiúntacha arb é ceartas sóisialta a gcuspóir.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Cinnteoidh an tOifigeach Forbartha Creidimh (Pointe Gníomhaíochta F3) i gcomhar le Grúpa Síochána agus Ceartais na Deoise go bhfuil gné den Cheartas Sóisialta sa Chlár Forbartha Creidimh achan bhliain agus go mbeidh sé mar phointe teagmhála ag Paróistí chomh fada is a bhaineann sé le smaointe a chruthú chomh maith le nasc a chruthú idir Paróistí a bheadh sásta agus ábalta oibriú go maith le chéile.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Clúdoidh an buiséad atá ag an Oifigeach Forbartha Creidimh costas reatha na gcláracha forbartha creidimh Ceartas Sóisialta sna Paróistí agus clúdóidh na Paróistí costas aon gníomhaíocht a thagann ón chlár seo.

**Straitéis:** Tosóidh an obair ar an phointe gníomhaíochta seo go luath i mBliain 3 (2024).



**Pointe Gníomhaíochta C2:**
*Beidh mí " Fáilte" ag an Deoise i mí an Mheithimh.*

**Cad é seo?:** Chuir Íosa fáilte i gcónaí roimh dhaoine agus thángthas air go minic ina gcuideachta sa tsionagóg, ag bord an dinnéir nó amuigh faoin tuath. Teastaíonn Deoise uainn ina mothaíonn achan uile dhuine go bhfuil fáilte rompu i bpobail an pharóiste lena gcaidreamh pearsanta le hÍosa a neartú. Ionas go dtig an sprioc seo a bhaint amach ainmneoidh an Deoise mí amháin sa bhliain 2024 mar mhí na 'Fáilte' agus é mar aidhm fáilte níos fearr a chur roimh na daoine atá mar chuid de phobail ár bParóistí agus cuireadh a thabhairt do dhaoine eile bheith mar chuid den phobal.

Le linn na míosa seo iarrfar ar achan Pharóiste imeachtaí liotúirge agus sóisialta a reáchtáil agus 'Fáilte' mar théama ag a gcroílár. Ag cuimhniú ar na himeachtaí a bhí ar siúl ag cruinniú Domhanda na dTeaghlach sa bhliain 2018 síltear go dtiocfadh le Paróistí laethanta spraoi, beárbaiciú, imeachtaí ceoil agus laethanta fáilte agus eolais a reáchtáil ina bParóiste.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Tabharfar coiste d'oibrithe deonacha ar fud na Deoise le chéile le himeachtaí spéisiúla a phleanáil agus a eagrú do Mhí na Fáilte.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Tabharfar uchtach d'achan pharóiste bheith ag pleanáil don mhí seo ó thús 2024. Thiocfadh leis an obair phleanála seo bheith faoi choimirce fho-choiste na Comhairle Tréadach Paróiste. Is é an coiste Deoise a luadh níos luaithe a thacóidh leofa san obair phleanála seo. Molfar do Pharóistí airgead a bhailiú do na himeachtaí atá beartaithe acu.

**Straitéis:** Ba chóir go dtosódh an obair phleanála do Mhí na Fáilte go luath i mBliain 3 (2024) agus gur paróistí iomlána seachas curáideachtaí, a spreagfaí le hoibriú ar phlean imeachtaí.

**Pointe Gníomhaíochta C3:**
*Déanfaidh an Deoise straitéis a fhorbairt d'inbhuanaitheacht comhshaoil agus 'd'Éicea-Spioradáltacht'.*

**Cad é seo?:** Tá an cúram a thugaimid don chomhshaol agus ár seasamh i leith an Domhain, a thábhacht agus ár bpáirt ann, an-tábhachtach san am i láthair agus beidh sé fíor-thábhachtach sna blianta atá romhainn.

De réir Theagasc an Phápa Proinsias, go háirithe ina Imlitir, Laudato Si ('Moladh Duit'), tá a fhios againn chan amháin go bhfuil oibleagáid orainn an comhshaol a chaomhnú ach go bhfuil dualgas morálta, spioradálta agus daonna orainn aire a thabhairt don domhan, ár mbaile comónta.

Tiocfaidh an Deoise ar phlean d'inbhuanaitheacht éiceolaíoch agus spreagfaidh sé achan Pharóiste lena phlean féin a chur le chéile le haire a thabhairt dár mbaile coiteann.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Cuirfidh an Deoise le hobair an Ghrúpa Ceartais agus Síochána le straitéis comhshaoil a scríobh, a chomhordú agus a a chur ar fáil don Deoise. Tá clár for-rochtana oideachais á fhorbairt faoi láthair sna hArdaí agus tá ionchur ag an deoise sa phróiseas seo. Cuirfear torthaí na gcainteanna seo ar fáil do na paróistí. Dá bhrí sin aimseoidh an Deoise meitheal a oibreoidh go dlúth le Mainistir na hArdadh leis an obair a chur chun cinn.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Is í an phríomh acmhainn a bheidh de dhíth i dtús báire ná na daoine atá ar an fhoireann thuasluaite. Ach d'fhéadfadh impleachtaí ó thaobh costaisí a bheith ag an straitéis a scríobhann siad agus an Deoise ar thóir bealaí úra le hinbhuanaitheacht comhshaoil a chruthú de réir phrionsabai Laudato Si.

**Straitéis:** Ag glacadh leis go mbainfear an pointe gníomhaíochta seo amach san fhadtéarma tá sé ciallmhar grúpa a chur le chéile i mBliain 1 (2022) a bheidh ábalta páirt a ghlacadh sna deiseanna oiliúna atá á gcur ar fáil ag Mainistir na hArdadh.

**Pointe Gníomhaíochta C4:**
*Bunóidh an Deoise Meitheal a bhaileoidh airgead le híoc as riachtanais tréadach na Deoise.*

**Cad é seo?:** Am dúshlánach é seo ar achan leibhéal agus tá cúrsaí airgid ar cheann acu. Chruthaigh an phaindéim agus na srianta a tháinig léi fadhbanna airgeadais don chuid is mó d'eagraíochtaí móra; ní haon eisceacht í an Eaglais. Tá na pointí gníomhaíochta atá i bPlean Tréadach na Deoise curtha le chéile agus é mar aidhm an creideamh agus saol tréadach na Deoise a fheiceáil ag forbairt, anois agus amach anseo. Tá impleachtaí airgeadais ag mórán de na pointí gníomhaíochta. Caithfear céimeanna speisialta agus tiomnaithe a ghlacadh le hacmhainní airgeadais leanúnacha a bhaint amach ionas go dtig fás agus forbairt ar na gníomhaíochtaí tréadacha seo.

**Cé a dhéanfaidh é?:** Bunóidh an Deoise meitheal chun airgead a bhailiú, meitheal a oibreoidh don Easpag agus leis, agus le Comhairle Airgeadais na Deoise. Beidh Cathaoirleach na Comhairle Airgeadais ina bhall den mheitheal bailithe airgid agus cuideoidh sé leis an Easpag daoine eile a aimsiú le dhul ar an fhoireann.

**Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth?:** Is í an phríomh acmhainn ná na daoine atá ar an mheitheal ach ba cheart go mbeifí aontaithe ar bhuiséad do chumarsáid agus an t-airgead a bheith faighte.

**Straitéis:** Má bhíonn airgead ar fáil le tús a chur le gnéithe faoi leith den phlean seo chífidh pobal na Deoise an fiúntas a bhaineann leis agus ciallóidh sé go mbeidh sé níos furasta ag an Meitheal Bailithe Airgid seo síntiúis a iarraidh. An méid sin ráite, ba chóir dul i dteagmháil le daoine a bhfuil scileanna agus taithí cuí acu agus iarraidh orthu dhul ar an mheitheal seo go luath i saol an phlean seo. Tosóidh an obair seo i mbliain 1 (2021)

# Pointí Gníomhaíochta de réir Bhliain a dTosaithe

### Bliain 1 (2022) Obair le tosú ar na Pointí Gníomhaíochta seo a leanas:

F2 Gréasán tacaíochta do mhúinteoirí iar-bhunoideachais
F3 Ag leanúint leis an tacaíocht do mhúinteoirí bunoideachais tríd an ghrúpa CPSMA
F8 Coimisiún Liotúirge a bhunú
H2 Meitheal Cumarsáide a chur le chéile
H3 Athord a chur ar an Ionad Tréadach
H4 Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí a cheapadh
H5 Comhairlí Tréadacha na Deoise a bhunú agus a choinneáil ag gabháil
H6 Déanfaidh an tEaspag Comhairle Tréadach Deoise a choimisiúnú
C3 Straitéis d'inbhuanaitheacht comhshaoil agus 'Éice-Spioradáltacht' a fhorbairt
C4 Meitheal Bailithe Airgid a bhunú

### Bliain 2 (2023) Obair le tosú ar na Pointí Gníomhaíochta seo a leanas:

F1 Oifigeach Forbartha Óige agus Teagasc Críostaí Leanaí
F4 Oifigeach Forbartha Creidimh a cheapadh
F6 Nóibhéine le téama i mí an Mheithimh 2023 a reáchtáil
F7 Straitéis Ghairm na Sagartachta a chur chun tosaigh
H7 Tabhairt faoi athbhreithniú ar ghníomhaíocht liotúirge ar fud na Deoise

### Bliain 3 (2024) Obair le tosú ar na Pointí Gníomhaíochta seo a leanas:

F5 Foireann Ministreachta Deireadh Saoil/Tórraimh a bhunú
H1 Clár Forbartha dírithe ar an Óige a bhunú
C1 Paróistí a spreagadh agus cuidiú leo tabhairt faoi ghníomhaíochtaí Ceartais Sóisialta
C2 Mí 'Fáilte' a thionól i mí an Mheithimh 2023

| Pointe Gníomhaíochta | Bliain 1 - 2022 | Bliain 2 - 2023 | Bliain 3 - 2024 |
|---|---|---|---|
| **CREIDEAMH** | | | |
| **F1** Oifigeach Forbartha don Óige agus Teagasc Críostaí Leanaí | | * | |
| **F2** Gréasán tacaíochta do mhúinteoirí iar-bhunoideachais | * | | |
| **F3** Ag leanúint leis an tacaíocht do mhúinteoirí bunoideachais trí CPSMA | * | | |
| **F4** Oifigeach Forbartha Creidimh a cheapadh | | * | |
| **F5** Foireann Ministreachta Deireadh Saoil/ Tórraimh a bhunú | | | * |
| **F6** Nóibhéine le téama i mí an Mheithimh 2024 a reáchtáil | | | * |
| **F7** Straitéis Ghairm na Sagartachta a chur chun tosaigh | | * | |
| **F8** Coimisiún Liotúirge a bhunú | * | | |
| **DÓCHAS** | | | |
| **H1** Clár Forbartha tiomanta don Óige a bhunú | | | * |
| **H2** Meitheal Cumarsáide a bhunú | * | | |
| **H3** Athord a chur ar an Ionad Tréadach | * | | |
| **H4** Stiúrthóir na hAthnuachana Tréadaí a cheapadh | * | | |
| **H5** Comhairlí Tréadacha na Deoise a bhunú agus a choinneáil ag gabháil | * | | |
| **H6** Déanfaidh an tEaspag Comhairle Tréadach Deoise a choimisiúnú | * | | |
| **H7** Tabhairt faoi athbhreithniú ar ghníomhaíocht liotúirge ar fud na Deoise | | * | |
| **CARTHANACHT** | | | |
| **C1** Paróistí a spreagadh agus cuidiú leo tabhairt faoi ghníomhaíochtaí Ceartais Sóisialta | | | * |
| **C2** Mí 'Fáilte' a thionól i mí an Mheithimh 2024 | | | * |
| **C3** Straitéis d'inbhuanaitheacht comhshaoil agus 'Éice-Spioradáltacht' a fhorbairt | * | | |
| **C4** Meitheal Bailithe Airgid a bhunú | * | | |

# NOTAÍ